BÁNÚ NA TUAIṪE - FAḊ PLEANÁLA

(AR LEAN.)

Baile ar biṫ a ḃí níos mó ná Grád 111 níorḃ baile-tuaiṫe a ṫuille é, dár le Chapman. Ċeap sé gur ċóir cuid áiriṫe acu seo a ḟorbairt go dtí go mbéaḋ idir 5,000 agus 10,000 de ḋobail ionn-ta araon. Dúraḋ ina ṫuarascáil freisin gó mbéidir go mbéaḋ sé riaċtanaċ stop a ċur le forbairt cuid des na bailte beaga toisc iad a ḃeiṫ ró-ċóngaraċ do lár-ionaid eile, nó toisc deacraċtaí pleanála eile a ḃeiṫ ann.

Ó ṫárla gur ceanntar - tuaiṫe cuid mór de Cheshire, a d'ḟéadfaí a cur i gcompráid ar ṡlí le cuid d'Éirinn, béidir go ḃféadfaí maċtnaṁ a ḋéanaṁ ar a ḃfuil ráite ag Chapman, agus béidir tairḃe a ḃaint as, i ḃfus.

Sasanaċ eile a ḃfuil clú air mar ṗleanálaí (agus go háiṫrid i gcás pleanála na tuaiṫe) isea Thomás Sharp. Ṁol Sharp go mbunófaí grúpaí de ḃailte ins na ceanntraċa-tuaiṫe, rud a mbéaḋ sé de ṫoraḋ air go ḃféadfaí na gabáltaisí a oibriú ar ḃrabús níos mó, agus go ḃféadfaí fíor-spiorad ċomḃaonnaċ a ḟorbairt. D'ḟuiriste, freisin, seirḃísí a ċur ar fáil i n-a leiṫéid. (23).

Cé gur féidir linne tairḃe a ḃaint as teoiricí ó ṫíorṫa eile, san am céanna ní mór dúinn ḃeiṫ ag maċtnaṁ sinn féin ar ár ḃfaḋbanna speisialta féin (nó béidir gur cirte a rá ar leagraċa dúċasaċa des na faḋbanna idirnáisiúnta a ḃaineann le tréigint na tuaiṫe). Caiṫfimíd ḃeiṫ ag cur teoiricí ar fáil sinn féin, agus gan a ḃeiṫ taoḃ leis na cinn iasaċta. Is cúis dóċais, mar sin, bunú an Ḟorais Forbarṫa Teoranta i mbliana faoi ċoimirce na Roinne Rialtais Áitiúl, foras a mbeiḋ cuidiú le fáil aige ó na Náisiún Aontaiṫe agus a mbeiḋ sé de ċúram air aiḋmeanna an Aċta Pleanála, 1963, a ċur i gcríċ. Cuideaḋ sé leis na h-Údaráis áitiúla a bpleananna forbarṫa a ċeapaḋ agus a ċuir i ngníoṁ; béiḋ cúrsaí-teagaisc ar siúl faoin a scáṫ agus dá réir sin. Tá sé socraiṫe ag ONU aon duine déag de eolaiṫe idirnáisiúnta a ṫaḃairt ar iasaċt dúinn go ceann cúpla blian (aċ, aisteaċ go leor, dár liom, níl eolaí ar pleanáil-tuaiṫe luaiṫe ar an liosta a ḟoilsíoḋ. Is áḋar-imní é seo).

mór agus sin láiṫreaċ. Caiṫfiḋ an Rialtas cúram speisialta a ḋéanaṁ des na ceanntraċa cúnga, díreaċ mar ḋein Rialtas na h-Ollóine i gcás a 'réigiúin acrannaċa' nó Stát na Fionnlainne de ċás na dteiċeaċ ó smaċt na Rúise.

I mbliana cuirfear pleanáil éigeantaċ i ḃfeiḋm don ċéad uair ins na 26 contaeṫa (24). Má's mall é is miṫid. Aċ tógfaiḋ sé na blianta fada ċun suirḃé a ḋéanaṁ ar na ceanntraċa éagsúla go léir sa tír, ċun toraḋ na taiġde a scagaḋ agus brí a ḃaint as, agus ċun pleananna a ḋéanaṁ agus a ċur i ngníoṁ. Ní féidir taḃairt ar Iarṫar Corcaí, agus ar ċeanntraċa mar é, fanaċt go mbeiḋ sé sin go léir déanta.

Ní h-ionann sin is a rá naċ ċeart forbairt faid-ṫéarmaċ Iarṫair Ċorcaí a ċur i gcríċ mar ċuid de plean náisiúnta ⁊ plean réigiúnta don Ṁuṁan (nó do ċuid de). Ní féidir buanraṫúnas a ċinntiú don dúṫaiġ aċ sa tslí sin. Séard tá á rá agam gur féidir le ceanntraċa níos saiḃḃre fanaċt níos fuide ar an bplean faid ṫéarmaċ ná mar is féidir le Iarṫair Ċorcaí. Ceapaim, mar sin, naċ ḃfuil dul as againn aċ taḃairt faoi aṫ-ḃeoú an limistéir indá-ċéim faoi leiṫ:

An Ċéad Ċéim (Scéim práinneaċ) — Clár speisialta a ḃéaḋ anseo ċun táirgiú talṁaíoċta na h-áite a ardú. agus ċun tionscail áiriṫe a ḃunú in ionaid a roġófaí go cúramaċ, clár a ḃéaḋ i dtiún leis an bpolasaí atá ag an Rialtas faoi láṫair go ndéanfaí gaċ cuid de'n eacnamaíoċt náisiúnta a forbairt san am aṁáin (polasaí a léiríoḋ i bplean na Seaċt mBliain 'Programme for Economic Expansion' Caib. 11, altanna 27-78). Ba ċóir don Rialtas, más gá sin, coṁ-oibriú na Náisiún Aontaiṫe a lorg, agus ligint do eolaiṫe idirnáisiúnta dul i mbun oibre guala le gualainn le eolaiṫe na tíre seo agus le muintir an ċeanntair féin.

Tá an t-áḋ linn, ċoṁ fada leis an scéim talṁaíoċta de. go ḃfuil suirḃé gairmiúl déanta ar ṁaoin aicionnta Iarṫair Ċorcaí, agus go ḃfuil Suirḃé á déanaṁ, freisin ar ítreaċa an ċeanntair, ag an ḃForas Talúntais. Creidim go ḃfuil tús curṫa ċeana féin, dála an scéil, ar scéimeanna áiriṫe ċun torṫúlaċt na talún a ṁéadú de ḃárr eolais a fuair an Ḟoras amaċ le blianta beaga anuas. Cruṫaíoḋ le linn na dtriallaċ sin mar ṡompla, go ḃféadfaí i ḃfad níos mó de stoic (ba, muca. caoiriġ, agus éanlaiṫe ċlóis) a ḃeaṫú aċ cur ċuige ar an dóiġ ċeart. An dream is mó a ḃainfeaḋ tairḃe as scéim-práinneaċ mar atá i gceist agam ná iad siúd go ḃfuil teaċt isteaċ idir £300 — £400 p.a. acu. dream atá ag iarraiḋ ḃeiṫ beo' mar adeir luċt na Gaeltaċta. Deir an West Cork Resources Survey fúṫa: "These are the farmers on which a concentration of economic assistance would seem to give the most worthwhile opportunities for improvement. (l. 0—29).

Ḃéaḋ tábaċt le clár misniúl oideaċais dá dteantóḋ uainn go n-éireóċaḋ leis an scéim práinneaċ — rud a ḃéaḋ do-ḋéanta im ṫuairim-se muna mbéaḋ lánċuidiú ó ċumainn deontaċa agus ó ṁuintir na h-áite i gcoitiann. Ḃéaḋ ar na cumainn deontaċa tosnú láiṫreaċ ar ḟéaċtas ċun coṁar-ċumainn a ḃunú mar deineaḋ in Antigonish. Ḃéaḋ gá le coṁ-iarraċt ċun tionscail oiriúnaċa a ḃunú i mbailte áiriṫe sa ċeanntar (le cabair airgid ón dtaoḃ amuiġ más gá sin, agus le cabair Rialtais i ḃfoirm deontaisí agus iasaċtaí do ċumainn forbarṫa áitiúla).

fáil gan stró, sa ċeanntar, mar ṡompla bainne, mil. glasraí, torṫaí, feoil, iasc olann. Teastaíoḋ córas éifeaċtaċ margaíoċta freisin a oibreóiḋ i liaison leis an Rialtas, agus a cuirfeaḋ béim ar leiṫ ar earraí a easportáil.

An Dara Ċéim; (Forbairt Faid Ṫéarmaċ). Ní ḟéadfaí tús a ċur leis an gCéim seo go dtí go mbéaḋ Suirḃé Náisiúnta, Suirḃé Réigiúnda (ar an Ṁuṁain) agus Suirḃé ar Ċontae Ċorcaí ar fad déanta, na tortaí ciarṫa agus na pleananna forbarṫa déanta. Annsin ḃéaḋ páirt Iarṫair - Ċorcaí i ḃforbairt an náisiúin leagṫa síos go cinnte. (Má tá an cine Gaelaċ le ḃeiṫ ann feasta. caiṫfear tábaċt an ċeanntair seo agus tábaċt an Iarṫair i gcoitinne, mara ḃfuil na daoine is Gaelaí sa tír ina gcónaí, a aiṫint. Ní aiṫnítear a dtábaċt faoi láṫair aċ táimse ag glacaḋ go n-aiṫneófar é gan aon rómoill. Beiḋ ar ṫír-ġráṫóirí sin a ċur ina luí ar an Rialtas agus ar na daoine tríd an tír).

Sa ṗlean faid-ṫéarmaċ do Iarṫar Ċorcaí sé an ċéad rud a ḃéaḋ le socrú ná go mbéaḋ sé ag beartú do ṗobal a ḃéaḋ iḃfad níos líonṁaire ná an pobal atá anois ann (41,000). Ḃí 120,000 duine sa limistéir céanna céad bliain ó ṡoin, fiú taréis do Ċairbre ḃeiṫ céasta ag Gorta agus Fiabras. Ḃíodar beo-ḃoċt ar na tailte ab ṁeasa mar ḃí na feirmeaċa a b'ḟearr ag tiarnaí Gallda. Cad ċuige naċ mbéaḋ an oiread daoine arís san áit, iad go sona saoṫraċ. aċ pleanáil i gceart anois? Naċ annsin a ḃéaḋ aṫrú ċun feaḃais ar ḃreac na dúṫaí ṫiar? Creidim gur féidir agus go gcaiṫfear an t-aṫrú sin a ċur ċun críċe.

Ar an dá ṗríoṁ ṫionscail, feirmeoireaċt agus déantúsaíoċt, a ḃéaḋ tarrṫáil Iarṫair Ċorcaí bunuiṫe. Aċ, ní mór an obair-tarrṫála a ḋéanaṁ taoḃ istiġ de córas nua de ḃailte a ċlúdóḋ an limistéir go léir. iad ceangailte le ċéile agus leis an gcuid eile den réigiún agus den tír le bóiṫre oiriúnaċa.

Go h-aṫċomair, is mar leanas a ṫógfaí an córas nua seo de bailte:

(a) Ḃéaḋ baile mór aṁáin. ceann níos mó ná aon baile atá anois sa ċeanntar mar ḃéaḋ pobal de 20,000 ann faoi ḋeire ṫiar. Níl aṁras orm aċ gurb é an Sciobairín príoṁ-ḃaile Ċairbre ariaṁ anall. an áit is fearr ċuige agus ní ar ċúiseanna stair-uile aṁáin ataim a rá sin. Ní smaoineaṁ nua é seo ċor ar biṫ, tá bailte mar seo á dtógáil i dtíorṫa eile agus an ċuspóir céanna acu, agus tá molaḋ mar seo déanta arís agus arís ag an Dr. Diarmuid Newman (ó Ċoláiste Ṗádraig, Mánuat). 'Níl slí ar biṫ eile,' deir sé, 'ċun pobal na tuaiṫe a ċoiméad ná sé nó oċt gcinn de ḃailte a ḟorbairt ins gaċ contae. Coiméadfaḋ gaċ ceann acu nucleus de ṗobal ina ċeanntar féin, agus cuirfidís ar fáil láir-ionaid sóisialta agus cultúrḋa dóiḃ. Agus ċoṁ maiṫ leis sin cuirfeaḋ siad saoṫrú tionscalaċ ar fáil do ana-ċuid daoine taoḃ istiġ de ṡé nó seaċt de ṁílte uaṫa.' (25).

b. Ní ḃéaḋ na bailte nua seo go léir ċoṁ mór leis an Nua-Sciobairín. Níorḃ gá sin agus níorḃ ionṁolta an rud é aċ an oiread. creidim. Aċ ḃéaḋ bailte eile scaipiṫe timpeall an ċeanntair agus pobail de 5,000 ionnta. Ní bailte nua ar fad a ḃéaḋ ionnta aċ cinn a ḃéaḋ méaduiṫe go mór, áiteaċa mar Beanntraí, Baile Ċaisleáin Ḃéarra, Scoil Ṁuire agus Druim Dá Liag, naċ ḃfuil ionnta faoi láṫair aċ sráid-ḃailte. Ḃéaḋ monarcanna agus muilte ins na bailte seo ⁊ ḃéaḋ atmosféar cinnte urbaċ ag

NÓTAÍ

(8) Údar "Garden Cities of Tomorrow" a bea Howard.
(9) Coimisiúin Barlow faoi dílárú tionscail; coimisiún Scott an ceann eile.
(10) "Town and Country Planning in Britain".
(11) "Planning and Development in the Netherlands." l. 22.
(12) "Rural Development in the Netherlands", l. 11.
(13) Ibid. l. 23.
(14) "L'Ainenegamentdu territoires et ses problemes" agus "France and Economic Planning", l. 26-35.
(15) "Green, Gold and Granite."
(16) Alt sa Landmark. Bealt 1963.
(17) Altanna sa Landmark, Bealt. 1963, agus sa "Word" Iúl 1964.
(18) Ó thuarascáil ar chomhdháil idir náisiúnta faoi choimirce na náisiún aontuithe agus mBaile Gormáin 1963.
(19) "Disappearing Villages in a Dutch Rural District" (luaithe agus "The Future of Rural Ireland" leis an Dr. J. Newman. l. 3.
(20) "Rural Development in the Netherlands". Alt leis an Dr. de Vet.
(21) "Rural Depopulation in England and Wales" (1851-1951).
(22) "County Palatine—a plan for Cheshire". (l. 115 & 116).
(23) "Design in Town and Village", l. 10.

4

DÓĊAS NUA DO IARṪAR ĊORCAÍ

Sílim gur léir go ḃfuil bánú

DOṀNALL Ó CORCORA

AN ĊAINT A ḊEIN MIĊEÁL MAC CÁRṪAIĠ, UAĊTARÁN ĊONRAḊ NA GAEILGE AG CRUINNIÚ DEN ĊOISTE ĠNÓṪA I LUIMNEAĊ DÉ SAṪAIRN, 9 EANAIR, AGUS RÚN COṀḂRÓIN Á ṀOLAḊ AIGE LE GAOLTA ḊOṀNALL UÍ ĊORCORA.

Seo an ċéad ċaoi do fuaireas ċun labairt ṫar ċionn Ċonraḋ na Gaeilge ár mbrón a ċur in iúl i dtaoḃ báis Ḋoṁnaill Uí Ċorcora. Doṁnaill caoin ciúin Uasal Ó Corcora, Doṁnall dainġean dílis.

Ba fear ioldánaċ é, file, fáiḋ, fealsaiṁ, scríoḃnóir, drámadóir, ealaíonaí, aċ ṫar aon ní eile ba ṫírġráṫóir mór é. Leag sé a ṁéar go fíor ar ċuislinn an náisiúin Ġaelaiġ. Ḃí cluas an ċine aige, mar adúirt Ó Riordáin, agus ċuala sé croí an ċine go soiléir. Ḃronn Dia mórán bua air. Ċuir sé na buanna san go léir ċun leasa dúinn, ċun leasa an náisiúin, ó ṫáinig sé in inniṁ go ndeaċa sé i gcré. Ḃí sé dílis go bás.

Ṫosnaiġ sé ina ṁúinteoir, múinteoir ab ea é i gcónaí, é ag ag teagasc, ag treorú, ag taispeáint na slí i gcónaí. Ní raiḃ éinne eile ó ṫosaċ blianta na h-aiséirí, aċ an Piarsaċ aṁáin, ar ṫáinig oiread daoine faoin a anál, a ċuaiġ ċoṁ mór i gcionn.

Ḃí a ṁéar ar ċuislinn an náisiúin, ḃí a ċluas len a ċroí. Nuair laḃair sé ḃí an Gael ag caint. An Gael a d'áiriġ é, ṫuig sé láiṫreaċ go raiḃ an ḟírinne aige. Ċuir sé i ḃfriotal an rud do ḃí go doiṁin i gcroí gaċ duine againn aċ nár éiriġ linn, go minic, a ċur i ḃfocail. Léamar "The Hidden Ireland" agus líonaḋ sin le háṫas, le taitneaṁ, agus le buíoċas don té do ṫug tuiscint dúinn go húrnua d'ḟilíoċt Aoḋagáin, Eogain an Ḃeoil Ḃinn agus do ḟilíoċt na h-oċtú aoise déag.

Ba ollaṁ iolscoile le Béarla Doṁnall Ó Corcora. Ba scríoḃnóir Béarla é a ċum litríoċt mór i mBéarla aċ b'é ċosantóir na Gaeilge é. Foilsíoḋ sa Ġearmáinis dá ḃliain ó ṡin cnuasaċt de scoṫ-ġearrscéalta na hÉireann. Gearrscéal le Doṁnall an ċéad ċeann sa leabar sin. Mar sin féin ċoṁairliġ sé gur i nGaeilge ba ċeart litríoċt na hÉireann a scríoḃ.

B'é príoṁ-ḟealsaṁ agus smaointeoir Ġluaiseaċta na Gaeilge é. Ba ċonraṫóir é. Ba Ċonraṫóir é nuair do ḃí Ċonraḋ na Gaeilge faoi ard réim agus meas. Ba Ċonraṫóir fós é nuair ba ísle a ḃrí. nuair ba lú meas air. B'é fear seasaiṁ agus tagarṫa ár gcóra é.

Mar ḟear tuaiṫe, mar ḋuine de ġnáṫ ṁuintir na hÉireann tugaim omós dó. Den baicle lien -ṁar scríoḃnóirí do ċuir fear tuaiṫe na hÉireann san litríoċt b'é ab ḟearr do léiriġ aigne agus anam an ġnáṫ Éireannaiġ. Tugaḋ gnáṫ ṁuintir na hÉireann omós dó go bráṫ.

"Fearaḋ a ċluiċí caointe agus scríoḃaḋ a ainm san ogam craoḃ" adeirtear ins na sean scéalta. Ní gá ainm Ḋoṁnaill a scríoḃaḋ aṁlaiḋ. Léafar a ċuid leaḃar, agus beiḋ cuiṁne air faid a ṁairfiḋ Gaeil in Éirinn beo.

Go ndéana Dia trócaire ar a anam. Déanaimíd coṁḃrón go dúṫraċtaċ lena ḋeirfiúr dílis agus lena ḋaoine muintearṫa go léir.

BAILE AN ḞEIRTÉARAIĠ

Cúis mór brón sa gceantar ar fad, agus do Ġaeilgeoirí ar fud na tíre, bás Ṗádraic Uí Ḃriain. O.S., Baile an Ḟeirtéaraiġ. D'éag sé ag an Bon Secours, i dTráiġlí, Dé Céadaoine, in aois a 78 bliain. Do ḃí sé gníoṁaċ in Cogaḋ na Saoirse. Ḃí sár eolas aige ar teangan na Gaolainne, agus is mó píosa deas scríḃneoireaċta a ḋein sé innti. Ḃí sé ag teagasc ag Scoil Náisiúnta Baile an Ḟeirtéaraiġ ar feaḋ 45 bliana.

Ċuaiġ Ṗádraic Ó Briain ins na hÓglaiġ nuair a bunaíoḋ iad, agus ċuaiġ sé go Tráiġlí seaċtain na Cásca. 1916. le páirt a ġlacaḋ insan Éirí Amaċ. Cara ar leiṫ don Ó Raġallaiġ ab ea é, agus do Aiḃaistín Stac, agus an tOllaṁ Tomás Ó Raġallaiġ. Nuair a ṫáinig an scoilt, taréis na conraḋ, ġlac sé taoḃ na Poblaċta. agus ṡeas sé i gcónaí den samailt a ḃí aige do Éire Aontaiṫe Saor Gaelaċ. Tugaḋ an corp go Séipéal Paróiste Ḃaile an Ḟeirtéaraiġ. tráṫnóna Ḋiardaoin. agus ḃí an soċraid ó'n Séipéal Dé hAoine seo caite ag 1.30 go dtí reilig Dún Urlainn.

Ag an gcéad ċruinniú do Ċoṁairle Condae Ċiarraí sa Daingean, an 4ú lá den ṁí ar molaḋ ó Ṁiċeál Ó Beaglaoiċ, socraíoḋ d'aon ġuṫ, ar iasaċt £3,000 do ṫógáint. ċun inneall múċta-tine nua a ċur ar fáil don Daingean.

GRINN-SCÉALTA

Cóṁarsa: Cé méid cárta i bpaca cártaí de ġnáċ?

Fear an tí: Caoga dó i gcónaí, sin muna ḃfuil páistí sa tí agat!

"Ó, a ġasúir ḃoiċt. ná bí ag caoineaḋ. An caillte atá tú?" "Is ea a bean-uasail," arsan

GLEANNḂARR

Máistir Úr. Ṫáinig príoṁ oide úr, D. Uasal Ṁac Fionġaile, O.S., go dtí S. N. Uí Ġallċoḃair, Gleannḃarr, ar an Saṫairn as ċuaiġ ṫart. Tá sé in áit Ṡeáin Uas. Ṁac Daibid, O.S., a ċeapaḋ mar ṗríoṁ oide i scoil i gCo. Cill Manntain ar na mallaiḃ. As Maċaire Rabartaiġ an tUasal Ṁacḟionġaile.

Aimsir: Tá'n siocán ṫart agus níl rian de'n tsneaċta a clúdaiġ cnoc agus gleann ṫart fá'n Nollaig fágṫa, aċ má tá'n aimsir ḟuar ṫart tá a toraḋ fágṫa óir tá cuid mór de ṗáistí na háite 'na luiġe le sladán.

Bingo. Cruinníonn na sluaite as aċan ṗaróiste ṫart coṁgaraċ go dtí halla Baile na nGallóglaċ an áit a ḃfuil Bingo ar bun aċan oíċe Dé hAoine ó ṫús an ġeiṁriḋ. Cor oíċe bíonn cuid de na duaiseanna go hárd le £100.

An Bás. Cúis mór brón i bparóiste Cill Uí Garḃáin bás Ṡéamas Uí Ċeallaiġ as Annaiġ. Ní raiḃ Séamas, go ndéanaiḋ Dia grásta air, aċ beagán beag os cionn dá scór sa deiċ mbliana nuair a ḃuail an tinneas deireannaċ é. Iascaire a ḃí ann agus ċaiṫ sé cuid mór dá ṡaol ar an ġairrge. Níṫear coṁḃrón le na bean agus an teaġlaċ mór, oċtar páistí a d'ḟág sé inḋiaiḋ.

Aonaċ. Ba milleanaċ ar fad an luaċ a ḃí ar ainṁiḋṫe de'n uile ċineál ar aonaċ na Ceaṫrúna Caola ar an tseaċtain seo ċaite Ḃí ba ṁaiṫe ionlaiġe agus ba óṫa bainne ag dul suas fan le £70 agus bíṫear ag fáil £60 ar ba stóir. Ḃí éileaṁ maiṫ agus luaċa árda ar ṗigíní agus ar